**Miontuairiscí ón 18ú cruinniú den Fhóram Comhpháirtíochta Dé Céadaoin 4 Bealtaine 2016 i nGaeláras Mhic Ardghail, Iúr Chinn Trá.**

**I láthair:** Antoine Ó Coileáin (Gael Linn), Bláthnaid Ní Ghréacháin (Gaelscoileanna), Caitríona Ní Cheallaigh (Cumann na bhFiann), Julian de Spáinn (Conradh na Gaeilge), Lorcán Mac Gabhann (Glór na nGael), M. Nic Dhonnchadha (Oireachtas na Gaeilge).

**Ag freastal:** Seán Ó Coinn (Cathaoirleach an Fhóraim & Foras na Gaeilge), Éamonn Ó hArgáin (Foras na Gaeilge), Steph Uí Choinne (Rúnaí an Fhóraim) agus Dónall P. Ó Baoill (Comhairleoir Pleanála Teanga).

**Leithscéal:** Liam Ó Maolaodha (Oireachtas na Gaeilge) agus Regina Uí Chollatáin (An Fóram Forbartha Teanga).

**Clár an chruinnithe a aontú**

1. Aontaíodh ar chlár an chruinnithe. Aontaíodh go dtabharfadh fostaí de chuid Chonradh na Gaeilge cur i láthair ar thaighde a rinne siad maidir le tuairimí an phobail i leith na Gaeilge ag deireadh an chruinnithe.

**Miontuairiscí ón 6 Aibreán 2016 agus nithe ag éirí astu**

2. Glacadh leis na miontuairiscí ón 6 Aibreán 2016. Cuireadh in iúl go raibh na miontuairiscí le cur suas ar an suíomh Idirlín agus go mbeadh cóip de chur i láthair na gCeannasaithe le ceangal leis na miontuairiscí feasta mar aguisín.
3. Cuireadh in iúl go raibh an cháipéis Excel sa Dropbox agus go raibh na Ceannasaithe chun a n-eolas féin a chur léi de réir a chéile.
4. Rinneadh tagairt do na feidhmeanna agus na moltaí a bhí faighte ina leith ó roinnt Ceanneagraíochtaí. D'iarr an Cathaoirleach go gcuirfeadh na Ceanneagraíochtaí uilig moltaí ar fáil faoin 13 Bealtaine 2016. Cuireadh in iúl go mbeadh na moltaí faoi bhráid an Choiste Forbartha, i bhfoirm cáipéise aontaithe, ar dtús agus faoi bhráid Bhord Fhoras na Gaeilge ansin i mí Iúil nó mí Mheán Fómhair. Rinneadh tagairt do na cruinnithe monatóireachta agus iarradh go mbeadh soiléireacht agus tuiscintí ann faoi na feidhmeanna agus faoi chiall na bhfeidhmeanna.
5. Iarradh ar Cheannasaithe arís bheith ag smaoineamh ar thograí don mheitheal maoinithe.

**Gníomh:** Eolas le cur leis an cháipéis Excel ag Ceannasaithe.

**Gníomh:** Moltaí ar na feidhmeanna le cur ar fáil d'Fhoras na Gaeilge.

**Aiseolas ón cheardlann ar an phleanáil teanga**

6. Rinneadh tagairt don cheardlann ar an phleanáil teanga a bhí ar siúl ar 28 Aibreán. Aontaíodh go raibh an cheardlann an-fhiúntach, spéisiúil agus gur cuireadh rudaí i gcomhthéacs. Míníodh go mbeadh an chéad cheardlann eile dírithe ar chúrsaí foirne agus ar fheidhmíocht eagraíochtúil. Moladh díriú ar théama a bhaineann le pleanáil teanga a bhaineann le hobair na gCEí seachas an cur chuige ginearálta a bhí ann sa chéad cheardlann. Moladh na grúpaí a tharraingt le chéile sa láthair chéanna arís, téamaí níos éadroime a phlé agus ligint do na foirne aithne a chur ar a chéile dá réir.

7. Moladh Straitéis an Fhóraim Chomhpháirtíochta a chur i láthair na mball foirne fosta,
8. Aontaíodh go mbeadh an bhéim ar aithne a chur ar obair a chéile don chéad cheardlann eile agus go mbeadh gné den tógáil foirne i gceist agus go mbeadh gach ball foirne ó na Ceanneagraíochtaí uilig i láthair.
9. Moladh béim a chur ar fhís, ar ábhar spreagúil, agus ar chluichí forbartha foirne le spiorad na foirne a ardú.

**Cur i láthair ar thionscadail chomhpháirtíochta do 2016**

10. Thug na Ceannasaithe cur i láthair ar a dtionscadail chomhpháirtíochta do 2016 **(Aguisín)** agus bhí plé ina dhiaidh.
11. Thréaslaigh an Cathaoirleach do na Ceannasaithe as an obair ar fad a bhí ar siúl acu. D'iarr sé ar na Ceannasaithe cóip den chur i láthair a chur sa Dropbox. Iarradh ar na Ceannasaithe bheith ag smaoineamh ar cheist na comhpháirtíochta agus an cheist sin a chur san áireamh sna pleananna do 2017 le cinntiú go bhfuil luach ar airgead á chur ar fáil. Aontaíodh go raibh luach breise ag baint leis an chomhpháirtíocht agus gurbh fhiú amharc ar na pleananna gnó agus na féidearthachtaí a aimsiú. Aontaíodh go labhródh an Cathaoirleach le M. Nic Dhonnchadha faoi obair chomhpháirtíochta Oireachtas na Gaeilge agus anailís a dhéanamh ar an phróiseas sin.

**Gníomh:** Cur i láthair le cur sa Dropbox agus cóip le tabhairt do Bhord Fhoras na Gaeilge mar eolas.

**Cur i láthair ar Phlean Gnó Fhoras na Gaeilge**

12. Thug S. Ó Coinn cur i láthair ar phlean gnó Fhoras na Gaeilge agus bhí plé ina dhiaidh. Ardaíodh ceist faoi choiste oideachais a bhí ag Foras na Gaeilge tráth agus moladh gurbh fhiú smaoineamh ar an choiste sin a bhunú arís. Aontaíodh go ndéanfaí an cheist sin a fhiosrú. Ardaíodh ceist an raibh fáil ar phlean gnó Fhoras na Gaeilge agus cuireadh in iúl nach raibh sé glanta ag an Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas go fóill.
13. Ardaíodh ceist faoi scéim na n-imeachtaí óige agus scéim na gcampaí samhraidh agus cuireadh ceist arbh fhiú go mbeadh ceangal idir an dá scéim sin agus seirbhísí óige atá Cumann na bhFiann á gcur ar fáil sa cheantar. Aontaíodh go dtabharfaí liosta deontaithe an dá scéim do Chumann na bhFiann mar eolas leis an teagmháil sin a éascú.
14. Ardaíodh ceist faoi na Bailte Seirbhísí Gaeltachta agus na Líonraí Gaeilge agus ról Fhoras na Gaeilge ina leith. Cuireadh in iúl go raibh na Líonraí Gaeilge roghnaithe agus go mbeadh an Roinn ó dheas ag cur maoiniú ar fáil dóibh ach nach mbeadh an Roinnn ó thuaidh ag cur aon airgead ar fáil. Míníodh go mbeadh ról comhairleach ag Foras na Gaeilge ina leith agus go mbeadh oifigigh an Fhorais ag obair le daoine sna Líonraí Gaeilge maidir le cúrsaí pleanála teanga srl.
15. Iarradh uasdátú faoi cheist íocaíochtaí in aghaidh na ráithe agus cuireadh in iúl go raibh an cheist sin le réiteach fós ag Stiúrthóireacht Seirbhísí Corparáideacha Fhoras na Gaeilge bunaithe ar chomhairle an Iniúchóra Inmheánaigh. Cuireadh in iúl go raibh deireadh mhí na Bealtaine mar sprioc le haghaidh íocaíochtaí leictreonacha. Ardaíodh ceist faoi íocaíochtaí steirling agus an táille a ghearrtar le haghaidh seiceanna a scríobh agus aontaíodh go

ndéanfaí an cheist sin a fhiosrú leis an Stiúrthóireacht Seirbhísí Corparáideacha.

**Gníomh:** Liosta deontaithe scéim na n-imeachtaí óige agus scéim na gcampaí samhraidh le cur chuig Cumann na bhFiann mar eolas.

**Gníomh:** Foras na Gaeilge le fiosrú a dhéanamh i leith íocaíochtaí Steirling do na CEí.

**Pleanáil Teanga**

16. Thug an Sainchomhairleoir Pleanála Teanga cur i láthair ar chineálacha taighde agus bhí plé ina dhiaidh. Moladh go dtiocfadh meitheal oibre le chéile chun ceist stádais agus taighde a phlé i gcomhthéacs na pleanála teanga. Moladh go mbeadh téarmaí tagartha ann don mheitheal oibre sin agus tréimhse réasúnta gairid luaite léi. Aontaíodh go ndéanfaí an cheist a phlé leis an Sainchomhairleoir Pleanála Teanga agus go mbeadh na téarmaí tagartha ullmhaithe don chéad chruiniú eile.
17. Ghabh an Cathaoirleach buíochas leis an Sainchomhairleoir as an chur i láthair a thabhairt. Cuireadh in iúl arís go mbeadh an Sainchomhairleoir ar fáil le comhairle a thabhairt do na Ceanneagraíochtaí.
18. Moladh go gcuirfí clár taighde le chéile de na tionscadail taighde uilig a bhí déanta ag an CEí.

**Gníomh:** Cur i láthair an tSainchomhairleora Pleanála Teanga le cur sa Dropbox.

**Gníomh:** Téarmaí tagartha le dréachtú don mheitheal oibre.

**Féasta 100 - nuashonrú**

19. Tháinig N. Bairéad agus C. Ó Seireadáin i láthair an chruinnithe agus thug siad uasdátú ar Féasta 100. Cuireadh in iúl go raibh an comhlacht caidrimh phoiblí ag obair ar phlean margaíochta 3 mhí anois seachas plean 4 mhí mar a bhí beartaithe. Cuireadh in iúl go raibh an dearthóir ag ullmhú na dticéad agus go mbeadh siad réidh i gceann coicíse nó mar sin. Cuireadh in iúl go raibh suíomh www.feasta100.ie ann agus go mbeadh sé seolta roimh dheireadh mhí na Bealtaine. Aontaíodh ar phróifíl úr caiteachais agus aontaíodh go gcuirfí an phróifíl úr caiteachais isteach sa Dropbox. Scaipeadh leagan leasaithe den litir a bhí le cur chuig Uachtarán na hÉireann le cuireadh a thabhairt dó freastal ar an ócáid agus shínigh na Ceannasaithe, a bhí láthair, í agus cuireadh cóip chuig Príomhfheidhmeannach Fhoras na Gaeilge le síniú dá réir.

**Ravelóid – nuashonrú**

20. Tugadh uasdátú maidir le Ravelóid agus cuireadh in iúl go raibh cuid mhaith ticéad fós le díol.

**Aon ghnó eile**

21. Tháinig U. Ní Shabhaois i láthair an chruinnithe agus thug sí cur i láthair ar thaighde a rinne Conradh na Gaeilge i gcomhar le Millward Brown maidir le tuairimí an phobail i leith na Gaeilge. Thréaslaigh an Cathaoirleach do Cheannasaí Chonradh na Gaeilge agus U. Ní Shabhaois as an obair ar fad a rinneadh ar an taighde.

**Aguisín**

**Cur i láthair faoi thionscadail comhphairtíocha in 2016**

# An tOireachtas
## Gréasán na nGael

# Tionscadail Chomhpháirtíochta 2016


MÁIRÍN NIC DHONNCHADHA
Leas-Stiúrthóir / Oifigeach Polasaí & Straitéise

# Oíche Nollaig na mBan

An tOireachtas

## Mór-Imeacht Náisiúnta
## Greásánaíocht & Siamsaíocht do Mhná




**6 Eanáir 2016**

- Dún Dealgán
- Baile Átha Cliath
- Ráth Chairn
- Na Déise
- Cathair Chorcaí
- Conamara
- An Ómaigh
- Béal Feirste

## COMHPHÁIRTÍOCHT

**Glór na nGael**
Óstáil & Bolscaireacht

**Gach Ceanneagraíocht**
Bolscaireacht

# Corn Chiaráin Uí Chon Ceanainn

Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath

## COMHPHÁIRTÍOCHT

### Gael Linn

- Comh-Urraithe
- Cur chun cinn an chomórtais ag an 3ú Leibhéal

# An Phictiúrlann Bheag

## Taispeántas Gearrscannán Gaeilge

## Gaillimh

### COMHPHÁIRTÍOCHT

- ‘Little Cinema’
- Seachtain na Gaeilge
- Foras na Gaeilge

# An Fhéile Idirnáisiúnta Pan Cheilteach

- An Chomhairle Idirnáisiúnta Pan Cheilteach
- Coiste Náisiúnta na hÉireann (Pan Cheilteach)
- Glór Cheatharlach
- Gael Linn

# Galf as Gaeilge

## Comórtas Náisiúnta Gailf

## COMHPHÁIRTÍOCHT

- **Údarás na Gaeltachta**
- **Gael Linn**

- Earcú foirne
- Aimsiú Urraíochta
- Riaradh Amchláir

# Comórtais Liteartha

## COMHPHÁIRTÍOCHT

### Pátrúin

- Conradh na Gaeilge
- An Cumann Scoildrámaíochta
- Aontas na Mac Léinn in Éirinn
- Bord na Gaeilge, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
- Boird Oideachais &Oiliúna na Mumhan agus na Gaeltachta
- Comhairle Contae an Chláir - Dílis dár nOidhreacht
- Comhar Óg
- Cumann Lúthchleas Gael
- Cumann na nInnealtóirí
- Craobh Aimhirgin de Chonradh na Gaeilge
- Éigse Éireann
- Ionad na Gaeilge Labhartha, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh
- TG4
- Údarás na Gaeltachta

# Na Rásaí

## Sraith Náisiúnta Rásaí Bóthair

**COMHPHÁIRTÍOCHT**

•An Roinn Ealaíon, Oidhreachta & Gaeltachta
Deontas

•Clubanna Reathaíochta & Lúthchleasaíochta Áitiúla
Oibrithe Deonacha, Leagan Amach Cúrsa, Poiblíocht & Bolscaireacht, Clárú, Bronnadh Duaiseanna

# Oireachtas na Samhna

## COMHPHÁIRTÍOCHT

**Foras na Gaeilge**

Ócáid Eolais, Taighde & Seoltaí

**Na Ceanneagraíochtaí**

Conradh na Gaeilge – Seimineár an Chonartha
Gael Linn – An Chraobh Díospóireachta
Glór na Gael – Imeachtaí Teaghlaigh
Cumann na bhFiann – Scléip

**Páirtnéirí sna Meáin Chumarsáide**

TG4; RTÉ Raidió na Gaeltachta; RTÉ, Newstalk, BBC Thuaisceart Éireann
Raidió Fáilte & Raidió na Life

An tOireachtas

# Oireachtas na Samhna

## AONACH AN OIREACHTAIS

COMHPHÁIRTÍOCHT

An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge
An Garda Síochána
An Coimisinéir Teanga
An Siopa Leabhair
An Timire
An Cumann Scoildrámaíochta
BABÓG Baby
Bord na Gaeilge
Coláiste na hÉireann/Gaelchultúr
COMHAR Teoranta
Comharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair
Eabhlóid
Fiontar, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
Ghaelphobal Thamhlachta
NA CEANNEAGRAÍOCHTAÍ

Gréasán na Meán
Coláiste na Rinne
Man of Aran
Mojo
Nós
Cniotáil Raitlín
Raveloid
Spailpín Fánach
TUAIRISC.ie
Údarás na Gaeltachta
An Fhéile Pan Ceilteach
Uisce
Gnó Mhaigh Eo
An Clár as Gaeilge
Gaelturas
Oideas Gael

# COMHPHÁIRTÍOCHT

## MAOINITHEOIRÍ

- Foras na Gaeilge
- An Roinn Ealaíon, Oidhreachta & Gaeltachta
- Oíche Chultúir

## MEITHIL OIBRE

- Na Ceanneagraíochtaí
- Oifigigh Ealaíne / Gaeilge na gComhairlí Chontae
- Leabharlannaithe na gComhairlí Chontae &Cathrach

# Oireachtas Gaeilge Cheanada

## COMHPHÁIRTÍOCHT

- **Cumann na Gaeltachta (Gaeltacht Cheanada)**
  Eagraí na Féile

- **Glór na nGael**
  Tacaíocht maoinithe & bolscaireachta

- **Comhaltas Ceoltóirí Éireann**
  Rannpháirtíocht in Imeachtaí Ceoil, Coirmeacha &rl

# Oireachtas Chois Fharraige

## Comóradh ar Oireachtas na Samhna 1976

**Coiste Pobail Chois Fharraige**

- Taighde
- Imeachtaí
- Riarachán

## Meitheal na gCeanneagraíochtaí

Ionadaí nua an Oireachtais: Louise Ní Dháibhéid

Conradh na Gaeilge

# Comhpháirtíocht 2016

*Julian de Spáinn*

*Ard-Rúnaí*

# Comhpháirtocht le ceanneagraiochtaí eile

- Cosaint teanga agus ionadaíocht
  - Plean infheistíochta & éilimh olltoghcháin eile - €18 milliúin & Airí sinsearacha
- Taighde
  - Millward Browne & Céard é an Scéal
    - Gael Linn – Oiliúint do dhaoine fásta
    - Glór na nGael – Seirbhísí do theaghlaigh ag tógáil a bpáistí trí Ghaeilge
    - Cumann na bhFiann – Seirbhísí do dhaoine óga
  - Aighneachtaí – *Aighneacht an Aoine*
- Seachtain na Gaeilge
  - 800,000 duine páirteach
- PEIG
  - Seirbhís lárnach don phobal

Conradh na Gaeilge

# Comhpháirtocht le ceanneagraiochtaí eile

- Gaelscoileanna
  - Scoileanna nua
- Gael Linn
  - Gaebhratach (gan maoiniú FnaG) – daoine óga a chumasú
  - Oideachas ó thuaidh – An Ghaeilge sna scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla
- Glór na nGael
  - Dúshlán – 500 duine páirteach
  - Cumann Lúthchleas Gael – lámhleabhar SnaG
  - Ravelóid
  - Rith; 3ú leibhéal (gan maoiniú FnaG)
- Oireachtas na Gaeilge
  - Seimineár an Oireachtais

Conradh na Gaeilge

Conradh na Gaeilge

# 2016

*Julian de Spáinn*

*Ard-Rúnaí*